

# **INNEALTÓIREACTH agus SCRÍBHNEOIREACTH**

le

Helen Ó Murchú (*Proinsias de Bhál*)

Comórtas Liteartha an Oireachtais 2018

**Innealtóireacht**

**A10 (iv)**

Líon focal: 3,715

Céard a dhéanann tú chun duais mhór gur fiú €100,000 é a bhaint, chomh maith le Duais Goldsmiths Londain de luach £10,000, dhá dhuais Éireannacha, agus ainmniúchán do dhuais mhór idirnáisiúnta? Scríobhann tú leabhar. Leabhar atá fada go leor ach atá tógtha ar aon abairt fhada shlachtmhar amháin laistigh de stíl líofa éasca snasta. Tagann chun cuimhne tógáil antaitneamhach nó foirgneamh maorga a bhfuil fuaimint bhreá dhaingean fúthu.

Ní hionadh dá réir gur innealtóir, Marcus Conway innealtóir contae, is príomhcharachtar an úrscéil rafair sin, *Solar Bones*, ó lámh **Mike McCormack**. Ní hionadh ach oiread gur thosaigh an t-údar a shaol ollscoile ar chúrsa innealtóireachta nuair a bhásaigh a athair gan choinne. Níor fhan sé leis an gcúrsa ag an am ach ní bhíonn aon leisce air, mar scríbhneoir cruthaitheach atá thar a bheith triaileach ina stíl phróis, a mheas phearsanta ar innealtóirí agus ar an innealtóireacht a nochtadh, meas a bhí riamh aige orthu araon, dar leis. Ní beag ach oiread a spéis in oibriúchán meaisíní agus samplaí air sin chomh maith san úrscéal clúiteach nua dá chuid.

In agallamh le Justine Jordan sa nuachtán *Guardian Weekly* (24 Meitheamh 2017), dhearbhaigh McCormack go bhfuil sé lándeimhnitheach amach is amach ‘gurb iad na hinnealtóirí a chruthaíonn an domhan’. Is ar an téad céanna a labhair sé le Arminta Wallace (*The Irish Times* 3 Iúil 2018) agus é ag athrá a gcreideann sé faoi ról innealtóirí agus é ag soláthar mínithe breise ar an gceist. Níl aon am aige don tseansnobaireacht a choimeádann scríbhneoirí deighilte amach ó shaol agus ó dhomhan na meaisíní. Dar leis, chruthaigh Dia agus bhronn sé orainn neamh agus talamh, ach is de dhéantús innealtóirí é an domhan. Ní lú láithreach Dé, adeir sé, i saol na meaisíní dár gcuid nó cleachtadh na teicneolaíochta againn ná mar atá in ár mbláthanna nó inár bhfilíocht nó inár meitifisic. Is linn an domhan. Faigheann ealaíontóirí seilbh air

trí dhathanna, scríbhneoirí trí fhocail, agus innealtóirí tríd a gcuid dhéantús. Is mealltach an íomhá atá ansin ach ní freagra cuimsitheach más freagra ar aon chor é ar an seandeighilt idir na healaíona agus an innealtóireacht atá á cháineadh aige, ach amháin sa mhéid gurb ionann tábhacht is seasamh do gach réimse a luann McCormack ina sholaoid. Ar ndóigh, b'fhéidir nach fiú freagra ar an gceist áirithe faoin deighilt sin a shamhlaítear a bheith ann. Nó seans gur leis an gceist atá an fhadhb bhunúsach, nach fiú ann í mar cheist. Cá bhfios? In ainneoin a bhfuil d'fhuinneamh caite leis ag lucht machnaimh agus de pháipéar le craobhscaoileadh torthaí a gcuid machnaimh.

Ar an ócáid chéanna san agallamh leis an *Guardian* bhí McCormack den tuairim chomh maith, áfach, nach bhfuil a n-ionad cuí bainte amach ar chor ar bith ag innealtóirí maidir lena mbaineann le cúrsaí ficsein de. San *Irish Times*, chuir sé leis an tuairim sin. Ní seilf lán le leabhair atá ann ar an ábhar, dar leis, i gcomparáid le líon mór na leabhar a ndéanaimid teagmháil le murdróirí iontu. Tá cuid den cheart aige ansin. Tá an ficsean bleachtairachta thar a bheith rafar, pé ní adeir an méid sin faoin staid dhaonna. Fiafraíonn sé faoi chineál na teagmhála a bhíonn ag an ngnáthdhuine le murdróirí i gcomparáid lena theagmháil le saothar innealtóirí gach lá dá shaol. Déantar taisteal ar na bóithre a bhíonn tógtha ag innealtóirí agus cuirtear na páistí go dtí na scoileanna agus na leabharlanna a thógann siad.

Tá fírinne ansin ach is féidir iomarca den choitiantacht duine a thuirsiú agus é ag léamh. Chomh maith leis sin, nach mbítear ag súil go minic sa léitheoireacht le rudaí atá *lasmuigh* dár raon taithí? Nó go bhféachfaí ar ghnáthchúrsaí an tsaoil le súil nua, rud a dhéantar cinnte sa leabhar *Solar Bones*. Agus gan eolas roimh ré, an aithneodh duine gur murdróir nó innealtóir an té in aice leis ar an traein, mar shampla. Deireann na meáin linn cé tá ina mhurdróir. Is annamh

adeirtear linn cé hé an t-innealtóir. Anois, dá scríobhfaí faoi innealtóir gur murdróir é, nó a mhalairt timpeall, cén tréith den charachtar a sheasfadh amach, dar le duine?

Ag cur síos ar an bpríomhphearsa d'innealtóir ina leabhar, deir McCormack faoi gur carachtar é atá go hiomlán sáite sa saol timpeall air agus gafa leis, gurb in a tharraing é féin ar ais chuige mar údar, arís is arís eile. Cuireann sé síos ar a leabhar mar iomann in ómós d'innealtóirí, nó mar *aria* dóibh. Tá mar a bhéadh trua aige d'innealtóirí sa mhéid nach n-éiríonn leo riamh a bhfíoracmhainneacht a shroichint. Dá sroichfeadh, agus iad i bhfeighil an domhain, rithfí cúrsaí ar mhodh eile ar fad, sin a bharúil mheáite. Luann sé chomh maith na cúinsí atá ag cosc ar innealtóirí a gcumas iomlán a bhaint amach ar mhaithe an tsaoil i gcoitinne. Dar leis, an chúis leis sin isea go mbíonn siad de shíor ag iarraidh stiúradh idir charraigeacha achrannacha, nó go mbíonn siad gafa ag crosbhóthar casta. Sin an áit a mbíonn an pholaitíocht agus an leas tráchtála agus an t-éileamh cathartha nó pobail go léir ag bualadh in aghaidh a chéile mura mbíonn siad ag bualadh adharca a chéile. Ní bhíonn cúrsaí soiléir a thuilleadh. Imíonn siad as a riocht le brúnna contrártha ó na páirtithe leasmhara difriúla.

Is ansin a shuíomhann McCormack na deacrachtaí a fhulaingíonn innealtóirí agus na fórsaí a bhíonn i gcoimhlint leis an innealtóireacht fhóna agus ina gcúis le comhréitigh neamhthairbheacha. Ní heol freagairt ó lucht na gairme ar na tuairimí sin go léir. Ní tuairimíocht amháin atá ann, áfach, ach an fhealsúnacht nó an chruinneshamhail atá ag an údar; an saoldearcadh atá ina chomhthéacs agus mar chuid de na heachtraí sa leabhar aige, taobh na polaitíochta áitiúil ach go háirithe.

Maidir lena sheasamh faoin easpa tagairtí don innealtóireacht sa litríocht, tá ceist ansin gurbh fhiú a leanúint. Níor dhein McCormack idirdhealú idir údair agus carachtair, áfach, sna hagallaimh pé scéal é. Tá an dá ghné intuigthe agus cuimsithe, is dócha. Nó an féidir ginearálú do ghairmeacha eile seachas an innealtóireacht a d'fhéadfadh a bheith gann sa litríocht? Nó ginearálú ón scríbhneoireacht go dtí ealaíona eile, ealaíona nach dtuigtear chomh tábhachtach dóibh agus atá prionsabail na hinnealtóireachta? Ní mór a choimeád in aigne chomh maith, dála seánraí éagsúla na litríochta, nach tearc inniu iad brainsí éagsúla na hinnealtóireachta. Is focheisteanna spéisiúla iad uilig a éiríonn as an mbuncheist maidir le gnéithe den innealtóireacht a bheith le feiceáil sa litríocht scríofa. Ceist fhiúntach. Ceist iltaobhach. Féachaimis uirthi.

Ar dtús, an ann do scríbhneoirí gur innealtóirí atá iontu ó thaobh gairme? Nó, an bhfuil mórán scríofa i leabhair faoi charachtair shuaithinseacha d'innealtóirí, daoine a bhfanann a scéal leat? Tá tábhacht nach beag ag baint leis an gceist leathshaonta sin. Tugtar aird, bíodh sin fiosach nó neamhfiosach, ar údair agus ar a gcruthaíonn siad. Tá údar *Solar Bones* ag tagairt do bhochtú shaol na litríochta agus na scríbhneoireachta gan innealtóirí a bheith níos feiceálaí iontu. Ach céard faoi thaobh na léitheoirí agus an phobail? Tarlaíonn meas poiblí i leith nithe nó a mhalairt níos mó de réir aigne an phobail ná aigne na léirmheastóirí. Cá bhfuil na húdair agus na carachtair seo a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach ó thaobh gairm na hinnealtóireachta agus aigne an phobail? Agus sa dara háit, an féidir an t-easpa seo a fheiceann McCormack i ngairm áirithe amháin a thagairt do ghairmeacha eile chomh maith? An eol dúinn? Seans gur fiú an cuardach an toradh.

Is ait an ní an tseirindipíocht, má tá brí leis ar chor ar bith. Titeann dhá leabhar ó neamh chugat, ó chara mar a tharla, agus nach innealtóir an príomhcharachtar fir iontu araon, agus an scéal ag brath ar a ngairm cuid mhaith. Ba ó pheann **Michael Chabon**, údar an tsaothair an-tarraingteach *The Yiddish Policemen's Union* (2007), ceann de na tabhartais sin dar teideal *Moonglow* (2016). Mar eachtra amháin sa scéal sin tá an fear céile ag iarraidh cur síos an speisialtóra a thuiscint ar dhiagnós an ghalair mheabhrach atá ar a bhean féin. Tarraingíonn sé chuige tuiscint agus téarmaí a ghairme féin san iarracht. Is spéisiúil ach neamhthairbheach dó an iarracht. Ní labhrann na speisialtóirí éagsúla an béarlagar céanna.

*Is innealtóir mise, a dhochtúir, innealtóir leictreachais. Is ansin atá mo chuidse oiliúna. Caitheann innealtóirí go leor ama ar an ní a dtugtar anailís teipe air. Ní mór duit sin mar briseann rudaí. Is cuma an ag dearadh atá tú, nó ag triail rud amach, nó ag tógáil an ruda. Teipeann orthu, pléascann siad, titeann siad as a chéile, dónn siad amach. Tá le cur san áireamh cúiseanna mar strus, caitheamh, briseadh. Agus teastaíonn uait a fháil amach cad ba chúis leis an teip, is cuid de do ghnó é sin. Teastaíonn uait a fháil amach cad atá cearr i dtreo is gur féidir é a shocrú, é a leigheas. (Aistrithe ag údar an ailt)*

Dála McCormack, is údar é Chabon a thriaileann stíleanna éagsúla agus a bhfuil go leor duaiseanna buaite aige, duais Pulitzer orthu.

Is innealtóir óg idéalach, deisceabal na réasúntachta, agus é ag obair ar a chéad tionscnamh mór, príomhcharachtar *Pure* (**Andrew Miller**, 2011), duaiseoir eile d'úrscéal. Ní haon dóithín an tionscnamh céanna ach oiread. I bPáras atá an scéal suite sa tréimhse stairiúil thart ar 1785 ach is as ceantar na Normainne an fear óg, ón dtuath do mhuintir Pháras. Ní mór dó seanreilig i lár na cathrach a

ghlanadh amach mar go bhfuil sé róshean, rólán, róbhréan, róbhaolach don tsláinte. Is féidir an tasc a shamhlú; coinníollacha na hoibre, an cúram innealtóra atá de dhíth chun fallaí inmheánacha na n-uaigheanna a choimeád gan titim anuas, criúnna oibrithe a oiliúint agus a choimeád, ómós cuí a thabhairt do na mairbh, do na corpáin. É sin agus a shaol a chaitheamh mar fhear óg machnamhach a bhfuil an reilig ag caitheamh a geasa féin air, gan trácht ar a bheith spleách ar an rí agus ar a chuid oifigeach ag Versailles maidir le cúrsaí maoinithe agus sceidil ama. Is deacair a shamhlú ach is leabhar thar a bheith sásúil don léitheoir é, bíodh an duine sin ina innealtóir nó ná bíodh, an t-úrscéal seo ar sheanreilig a bhí éirithe lofa. Is léiriú tuisceanach é chomh maith ar na scileanna a bhí de dhíth ar innealtóirí dhá chéad bliain ó shin maidir le tionscnamh poiblí a chur i gcrích. Ní rófhada iad ó chur síos McCormack.

Sin trí leabhar fóna don seilf cuibheasach folamh a luaigh McCormack, *Moonglow, Pure* agus *Solar Bones*. Iad uilig foilsithe le deich mbliana anuas, agus innealtóir mar phríomhcharachtar iontu go léir. Ní mór ar fad an cnuasach é, áfach. Ar ndóigh, dá gcuirfeá ar an seilf chéanna a bhfuil foilsithe i réimse an fhicsin eolaíochta nó an spásfhicsin, cuid de bunaithe ar nuafhionnachtana, níor leor seilf ar aon chor. B'fhéidir gur faide ná líon na leabhar a bhfuil carachtair d'innealtóirí iontu liosta na scríbhneoirí gur innealtóirí ó ghairm iad.

Sa chatagóir seo, luaitear údair ilghnéitheacha. Tá de chomóna eatarthu, áfach, gur cosúil gur éirigh leo cleamhnas sásúil a dhéanamh, iontu féin agus dóibh féin, idir an chruthaitheacht shuibiachtúil a shamhlaítear leis na healaíona agus an oibiachtúlacht réasúnaíoch a shamhlaítear le gairm na hinnealtóireachta nó le haon ghairm atá matamaitic nó eolaíochtbhunaithe. Ar bhealach, is cineál masla do gach údar an sainaicmiú sin faoi chatagóirí; dóibh

siúd atá ar an liosta agus dóibh siúd nach bhfuil. Tá d'ádh leo go léir gur bronnadh orthu aigne an scríobhneora a sholáthraíonn ábhar samhlaíochta as a dtaithe phearsanta féin chomh maith le scileanna gairme a éascaíonn a dtasc.

Bíonn údar amháin ar bharr an liosta sa chatagóir seo de shíor. Sin an Rúiseach thar údair Rúiseacha fiú, nó **Fyodor Dostoevsky** (1821-1881). Ba chéimí eisean ó Institiúid Innealtóireachta-Teicneolaíochta Míleata i San Petersburg agus chleacht sé an ghairm sin tamall go dtí gur mheas sé go bhféadfadh sé cur isteach ar a shaol scríbhneoireachta nuair a thosaigh rath ag teacht air sin. Is ar son leas an phobail a shaothraíonn innealtóirí ar deireadh agus is úrscéalta 'sóisialta' a scríobh Dostoevsky.

Bhí scríbhneoir comhaimseartha le Dostoevsky ann a bhí ní hamháin ina innealtóir ach ina Aire Oibreacha Poiblí agus ina Aire Airgeadais sa Spáinn. Anuas air sin bhuaigh sé Duais Nobel (1904) dá dhrámaí ach go háirithe. Agus bhí buntéama amháin ina shaol aige, mar pholaiteoir agus mar dhrámadóir. Is é sin an diúité, ach dósan ba é an diúité i ngalar na gcás. Táthar ar ais ag McCormack, bheith idir dhá thine Bhealtaine (nó níos mó) ag iarraidh freastal go príomha ar an rud is diúité ann, duit féin, don ghairm, don bhfostaitheoir, don stát. Ba é an drámadóir d'innealtóir sin **José de Echegaray y Eizaguirre** (1833-1916).

Tá mórán an téama céanna, coimhlint agus diúité, le feiscint i saol agus i saothar an Nigéirigh, **Timothy Mofolorunso (T.M.) Aluko** (1918-2010), cé gur difriúil ar fad an stíl phróis aige. Ba innealtóir agus pleanálaí baile é Aluko chomh maith le bheith ina scríbhneoir próis, gearrscéalta agus úrscéalta. Shaothraigh sé sa chóras poiblí mar Stiúrthóir Oibreacha Poiblí don Nigéir Thiar agus ag Ollscoil Lagos mar léachtóir. Is iad an taobh shóisialta den saol sa Nigéir agus an choimhlint idir chultúir is ábhar do roinnt dá shaothar ach tuairiscithe

le féith an ghrinn ar uairibh. Tugann sé aghaidh dhíreach, áfach, ar an bhfadhb a d'aithin McCormack maidir leis na brúnna a thagann ar an innealtóir poiblí, agus idir é agus a chuid oibre. Scríobh Aluko ar an bhfiníochas agus an baol ar chaimiléireacht nuair atá an t-innealtóir óg gaoilta lena shaoiste oibreacha poiblí. Bhí a thaithí phearsanta ina leas aige chomh maith agus é ag cur síos ar an tubaist nuair a cheaptar duine leis na díntiúirí míchearta do phost freagrach polaitiúil. Is sárshampla é den scríbhneoir d'innealtóir agus an ghairm mar ábhar ina bhfuil scríofa aige. Comhlíonann sé gach catagóir. Soláthraíonn a shaothar seilf iomlán eile leabhar. Bhéadh na cinn seo ina measc cinnte. *One Man, One Matchet* (1964) faoi oifigeach gan mórán taithí agus polaiteoir thar a bheith aidhmiúil; *Kinsman and Foreman* (1966) faoi ghaol idir beirt oibríthe poiblí a bhfuil an chumhacht éagrothrom eatarthu; *Chief the Honourable Minister* (1970) faoi dhroch-cheapachán mar aire.

Cé cheapfadh gur dhein **Luis Buñuel Portolés** (1900-1983) staidéar ollscoile ar an eolaíocht feirmeoireachta agus ar an innealtóireacht tionsclaíoch sular aistrigh sé go dtí an fhealsúnacht? Níl a shárú ar fáil, dar le mórán, maidir le nuálacht agus le hilghnéitheacht a shaothair mar stiúrthóir scannán ón ré gan fhuaim anuas. Bhí saol eachtrúil aige chomh maith, idir Cogadh Cathartha na Spáinne, agus sealanna sna Stáit Aontaithe agus i Meicsiceo, le tamall go luath ina shaol sa bhFrainc. Chuir sé tús le gluaiseachtaí nua scannaíochta. Ach feictear chomh maith ina chuid déantús ar an scáileán éifeachtaí a luathoideachais ollscoile.

Innealtóir sibhialta a bhunaigh a chomhlacht féin ab ea **Juan Benet** (1927-1993), scríbhneoir chomh maith, agus duine eile a raibh ar a theaghlach imeacht ó Mhaidrid tréimhse an Chogaidh Chathartha. Arís is léir éifeachtaí éagsúla ina tháirge liteartha, agus stíl dhifriúil phróis. Tháinig sruth leanúnach

uaidh thar seánraí éagsúla ón gcéad shaothar uaidh, dráma den teideal *Max*, nuair a bhí sé fós ina intéirneach ag obair sa bhFionnlainn. Lean sé air ag taisteal ó thaobh oibre agus ag scríobh go leanúnach. Féachtar air mar scríbhneoir nuálach.

Duine dár ré féin is ea **Albert Espinosa i Puig** (1973) ó chathair Bharcelona na Catalóine. Oileadh é ina innealtóir tionsclaíoch. Tá a chlú siúd déanta sna healaíona nua-aimseartha, mar údar, scríbhneoir scripte, iriseoir, drámadóir, aisteoir, stiúrthóir scannán. Mar dhuine a chaith deich mbliana ag troid le galar na hailse (ó aois 14 go 24), is scríbhneoir é le dearcadh a bhíonn neamhghnách ar uairibh, léargas a ghnóthaíonn go leor duaiseanna dó.

Baineann **Primo Levi** (1919-1987) le go leor ‘catagóirí’. Ba lúdach Iodáileach ó Turin é a d’fhulaing ar dtús faoi dhlíthe chinedheighilte faisisteacha tréimhse an dara cogadh domhanda. Chun é a chosaint, chláraigh a athair é sa mhílíste faisisteach (don chosaint náisiúnta!) ach níos déanaí ina shaol chaith sé tamall leis na páirtíseánaigh. Chríochnaigh sé i gcampa géibhinn Auschwitz ach d’éirigh leis teacht tríd. Bhain sé leis an mbuíon beag go dtugtar orthu ‘iad sin a tháinig slán’. Agus seans nach mbeadh sé ar an mbuíon sin murach a chúlra sa chéimseata agus san innealtóireacht céimseatan. Chabhraigh an t-oideachas sin leis chomh maith fostaíocht a aimsiú sna coinníollacha ba scanrúla, sa mhianadóireacht ag tús an chogaidh gan páipéir oifigiúla aige, sa champa géibhinn féin, agus i dteach carad ina dhiaidh sin ag cabhrú leis clúdach do chúl scáthán a sholáthar. Is ar rothar a dhéantaí an tsubstaint baolach sin a iompar trasna cathrach Turin. Faightear cuntas ina scríbhinní ar chuid mhaith den stair sin ina shaol. Mar sin, is innealtóir de scríbhneoir é ag scríobh faoi ábhar a ghairme. Agus é sin ar mhodh an-daonna.

Aisteach go leor, luaitear innealtóir i leabhar le duine eile ‘díobh sin a tháinig slán’. Is é atá ann aistriúchán Béarla a rinne Sandra Smith ar an mbunbheathaisnéis le **Marceline Loridan-Ivens**: *Et tu n’est pas revenue; But you did not come back* (2016/7). A hathair atá i gceist sa teideal. Tá Marceline ar ais sa bhaile ag iarraidh brí a dhéanamh dá saol i ndiaidh a seal féin sa champa géibhinn. Titeann sí dá rothar tráthnóna amháin, cabhraíonn fear óg léi agus póstar iad gan mhoill. Seo mar a chuireann sí síos air.

*Innealtóir ab ea é. Imeacht thar lear an bhrionglóid a bhí aige. Agus súil aige go rachainnse ina theannta leis ann. Ach ní raibh aon fhonn ormsa saol a dhéanamh sna cóilín-teachtaí, áiteanna a bhí ag brath ar an tógáil le haghaidh cruthú postanna...d’imigh sé leis go Madagascar...Cé nár chuaigh mé amach chuige ann, níor cholscaramar go ceann i bhfad tar éis imeacht ó chéile. Choimeád mé a ainm ‘Loridan’...bhí sé úsáideach in atmaisféar fhrith-lúdach na tréimhse iarchogaidh...Ba é Joris Ivens a phós mé an dara huair. Agus caithfidh mé labhairt leat faoi sin. (Aistrithe ag údar an ailt)*

Rud a dhéanann sí. Léitear mórán faoi Joris Ivens mar dhuine clúiteach sna healaíona físe, gairm a d’oir go mór di féin. Ach ní mór dom a rá, agus is cinnte nach é a bhí i gceist ag an údar, ba é innealtóir na trí líne próis a d’fhan i mo chuimhnese mar léitheoir, fiú agus gan ann ach mioncharachtar. Conas d’éirigh leis i Madagascar? An raibh uaigneas air? Ní féidir gur phós sé go ceann i bhfad go dtí go raibh colscaradh faighte acu, má phós ar aon chor. Ar fhan sé ar an dóchas i gcónaí go dtí sin? Ar mhaith é a hiompar di mar dhuine ‘díobh sin a tháinig ar ais’? An bhfuil a ainm dearmadta nó a mhalairt mar innealtóir a chabhraigh le hatógáil Mhadagascar? D’fhan idir duine agus stair liom agus fanann fós.

Luaitear **Leonardo da Vinci** (an áit a rugadh é sa bhliain 1452; d'éag sé 1519) mar nach féidir gan é. Baineann seisean lena shainchatagóir uathúil féin maidir lena mbaineann le healaíon nach scríbhneoireacht í agus le gach gairm eile a bhí matamaitic nó eolaíocht bhunaithe. Ba ealaíontóir den scoth é, ba mhatamaiticeoir den scoth é, agus ba innealtóir den scoth é má tuigtear tógáil meaisíní de gach cineál leis an téarma. Is ar a chuid nótaí agus ar a chuid sceitseanna de na meaisíní a shamhlaigh sé atá a cháil mar innealtóir bunaithe go príomha. Is ábhar ar phár iad atá chomh cruthaitheach le haon scéal. Ina dhiaidh sin is uile, is mó go mór an t-eolas agus an meas coiteann air mar ealaíontóir, ealaíontóir péinte ach go háirithe. Agus é caoga bliain d'aois d'oibrigh sé dá phátrún, duine den teaghlach Borgia, mar ailtire agus mar innealtóir míleata. Ní hamháin gur chruthaigh sé dó léarscáileanna beachta, mar a bheadh gormchló agus treoiphlean oibríochtaí, ach chuir sé chun damba a thógáil ón bhfarraige isteach go cathair Fhlórans d'fhonn uisce a choimeád ag rith sa chanáil i gcónaí agus aon chur isteach air. Rinne sé gormchló do dhroichead do Shabhdán Chathair Chonstaintín, fear a raibh iomarca amhrais air chun é a thógáil. Ach d'éirigh le leagan níos lú, is cosúil, san Iorua fiche bliain ó shin. Chuaigh sé níos faide ná Icarus maidir le cúrsaí eitilte. Rinne Leonardo sceitseanna chun eitleán a thógaint. Bhí sé faoi dhraíocht ag innealra de gach cineál. É seo go léir idir sárshaothair a phéinteáil atá ar eolas ag cách.

Ar ndóigh, ba dhuine eisceachtúil ar fad é, duine sárbhuaich ardéirime. Rith a shamhlaíocht chun tosaigh go mór ar a thréimhse staire i gcás meaisíní a shantaigh sé a dhéanamh. Féach orthu sna mórmhílte sceitseanna chomh sainshonraithe agus sna nótaí a bhreac sé síos gach lá ó bhreathnú ar a thimpeallacht, scríofa ó chlé go deas mar ba chiotóg é leis na pinn cleití. Luaitear é mar dhuine a chleacht iliomad gairmeacha, mar dhuine a bhain barr

feabhais amach iontu go léir, agus mar dhuine a raibh na tallainn éagsúla ann ag comhlánú a cheile, ní i gcoimhlint le chéile.

Mar fhreagra ar bhuncheist McCormack, tá dhá rud le sonrú. Tá de chosúlacht ar an scéal gur fearr, gur mó agus gur tarraingtí i gcoitinne an t-eolas ar charachtair d'innealtóirí i leabhair. Ní sheasann amach do léitheoir, nó ní hábhar mórspéise dó, gairm an scríbhneora, pé gairm é sin, fhad is atá an t-údar in ann scríobh go réasúnta maith.

Mar chlabhsúr, áfach, tá de chuma air go bhfuil fíric amháin eile i gcoiteann acu tar éis féachaint ar shraith de scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí. Fíric níos teibí. B'áisiúil dóibh ar shlí amháin nó ar shlí eile a gcúlra san innealtóireacht, ba cuma cén brainse a bhí i gceist, ba chuma cén ealaíon a bhí á chleachtadh acu. Sin ar an taobh praiticiúil. Ach ba léir chomh maith go raibh acmhainn chun a bheith triaileach anfhorbartha iontu. Bhunaigh siad gluaiseachtaí nua, thúsaigh siad teicnící nua, bhain siad leas as stíleanna éagsúla. Ba lucht ceannródaíochta iad. Níor éirigh siad riamh bréan dá raibh ar siúl acu. Chleacht siad go deireadh. I bhfocail eile, bhí féith na cruthaitheachta iontu mar a bheadh breisithe agus maisithe agus á shíorathnuachan. Maidir leis an ngrúpa teagmhasach a roghnaíodh pé scéal é.

Críochnaítear le ceist nó dhó dá réir.

Ar bhain an breisiú intleachtúil agus an fhorbairt samhlaíochta sin le dhá ghairm a bheith foghlamtha agus sealbhaithe acu?

An mbéadh an freagra ag Mike McCormack?

#####